

Fógra Príobháideachais Tithíochta



Ag rannóg Tithíochta Chomhairle Chontae an Longfoirt tuigimid go bhfuil príobháideacht agus slándáil do chuid faisnéise pearsanta (sonraí) tábhachtach agat. Tugann an fógra príobháideachais seo breac-chuntas ar an gcaoi a bpróiseálaimid do shonraí pearsanta de réir na ndlíthe um chosaint sonraí.

Léigh an fógra seo mar aon le príomh **Bheartas Príobháideachais** Chomhairle Chontae an Longfoirt.



Scan le hamharc air
**Príomhbheartas
Príobháideachais**

Cabhair ag Teastáil Uait? Conas cód QR a scanadh



Fógra Príobháideachais Tithíochta



Cén fáth a bpróiseálann Tithíocht sonraí pearsanta?

Próiseálann an rannóg Tithíochta sonraí pearsanta (faisnéis) ionas gur féidir le gach duine áitreabh inacmhainne a bheith acu a oireann dá riachtanais.

Cad iad na sonraí pearsanta a phróiseálann Tithíocht?

Seo a leanas liosta de shonraí pearsanta a phróiseálaimid:

- Ainm
- Seoladh Baile
- Dáta breithe
- Uimhir chláraithe cánach
- Uimhir Phearsanta Seirbhísí Poiblí (UPSP)
- Seoladh ríomhphoist
- Sonraí airgeadais
- Uimhir theileafóin
- Teastas breithe
- Dáta breithe
- Sonraí fostaíochta
- Bunús eitneach agus ciníoch
- Comhdhéanamh an teaghlaigh
- Sonraí sláinte
- Is féidir gur íomhánna ó CCTV slándála i bhfoirgnimh na Comhairle atá i gceist sna sonraí
- Teastas pósta
- Sonraí scartha
- Comhaontú colscartha
- Aitheantas grianghrafadóireachta
- Sonraí cánach réadmhaoine
- Bille fónais amhail bille gáis
- Clárú feithicle
- Taifead coiriúil
- Faisnéis iompraíochta cosúil le nuair a bhíonn daoine ag gearán faoi iompar daoine eile

Cad a deir an dlí faoin gcaoi a bpróiseálaimid do shonraí pearsanta?

Seo iad na trí chás ina ndeir an dlí gur féidir linn do shonraí pearsanta a úsáid:

Staid	Sampla
Thug tú toiliú	Agus tacaíocht tionóntachta á tairiscint agat trí aontú a bheith mar chuid de liosta tionóntaí ríomhphoist
Conradh a chur i gcrích	Má theastaíonn cothabháil uait ar do theach Comhairle
Chun ligean dúinn tasc a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail agus nó ar ár ndualgas oifigiúil mar údarás áitiúil mar a cheadaítear faoin reachtaíocht Rialtais Áitiúil	Faisnéis a theastaíonn chun go ndéanfar measúnú uirthi le haghaidh tacaíochta tithíochta faoi Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009



Cé leis a roinnfidh an Tithíocht do shonraí pearsanta?

D'fhéadfaimis do chuid sonraí pearsanta a roinnt leis na grúpaí seo a leanas, ach ní fhéadfaimis iad a roinnt ach amháin nuair is gá:

- An Garda Síochána
- Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (cumainn tithíochta dheonacha; eagraíochtaí neamhspleácha, neamhbhrabúis)
- Ceantálaithe
- Iniúcháirí
- An Phríomh-Oifig Staidrimh
- Oifigeach Leasa Pobail
- Conraitheoirí amhail oibrithe deisithe gáis
- An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht
- An Roinn Coimirce Sóisialaí
- Ionadaithe tofa cosúil le comhairleoirí áitiúla
- Soláthraithe cóiríochta éigeandála
- Seirbhísí Comhroinnte ÍCT (Seirbhísí Comhroinnte Íocaíochta Cúnaimh Tithíochta)
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE)
- Grúpa Gníomhaíochta do Dhaoine gan Dídean
- Gníomhaireachtaí tithíochta
- Tiarnaí talún
- Ionadaithe dlíthiúla
- Acmhainní Pobail an Longfoirt
- Comhairleoirí leighis
- Údarás áitiúla eile
- Comhlachtaí reachtúla agus deonacha eile
- An Bord Réigiúnach Tionóntachta
- Na Coimisinéirí Ioncain
- Oibrithe Sóisialta
- Soláthraithe seirbhíse tríú páirtí cosúil le soláthraithe teicneolaíochta faisnéise agus seirbhísí néal [ríomhaire]
- Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanáí agus an Teaghlach



An Roinn Coimirce Sóisialaí
Department of Social Protection

D'fhéadfaimis freisin do chuid faisnéise a roinnt leis an Oifig um Sholáthar Rialtais. Ceannaíonn an oifig seo earraí agus seirbhísí d'Údarás Áitiúil an Longfoirt agus do sheirbhísí poiblí eile.

Má theastaíonn tuilleadh sonraí uait maidir leis an gcaoi a bpróiseálaimid faisnéis laistigh den Tithíocht, déan na nithe seo a leanas le do thoil:

Roghanna teagmhála	Sonraí Teagmhála
Guthán	☎ 043 334 4207
Ríomhphost	✉ dpo@longfordcoco.ie

D'úsáideamar treoirínte teanga simplí chun an polasaí seo a chruthú